# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

### DÉ hAOINE 7 MEITHEAMH – MAIDIN 9:30 – 12:20

**Scrúduimhr**

**Don scrúdaitheoir amháin**

| **Cuid a hAon**<br>Ceisteanna Gearrfhreagra | Marc Iomlán | Scr. Comh. | Scr. Ach. |
|---|---|---|---|
| Ceist 1 | | | |
| Ceist 2 | | | |
| Ceist 3 | | | |
| Ceist 4 | | | |
| Ceist 5 | | | |
| Ceist 6 | | | |
| Ceist 7 | | | |
| Ceist 8 | | | |
| Ceist 9 | | | |
| Ceist 10 | | | |
| Ceist 11 | | | |
| Ceist 12 | | | |
| Marc Carnach | | | |
| Marcanna Dícheadaithe | | | |
| **Marc Glan** | | | |

**Nóta: Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais i dteannta do fhreagarleabhair nó caillfidh tú marcanna.**


**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Bolcáin**




Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann struchtúr bolcáin agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an ngné is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.


| Gné | Litir |
|---|---|
| Scamall luatha | |
| Craos | |
| Cráitéar | |
| Sreabhadh laibhe | |

(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de bholcán beo.

______________________________________________

**[10m]**

**2.** **Tírdhreach Carstach**




Scrúdaigh an léaráid thuas de ghnéithe faoi thalamh i réigiún Carstach, agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an tírghné is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.


| Tírghné | Litir |
|---|---|
| Aolchoinneal | |
| Pasáiste | |
| Gallán | |
| Aolchuisne | |

(ii) An bhfoirmítear na tírghnéithe sa tábla thuas de thoradh síonchaitheamh meicniúil **nó** de thoradh síonchaitheamh ceimiceach?

_______________________________________________

**[10m]**

**3.** **Aibhneacha**













Scrúdaigh na fótagraif thuas. Comhlánaigh an tábla agus tú ag freagairt gach ceann de na ceisteanna a leanas. Tá cuid den tábla líonta duit cheana.


(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C** agus **D** leis an tírghné is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos.

(ii) Luaigh cé acu de thoradh ar chreimeadh **nó** ar shil-leagan **nó** ar chreimeadh agus ar shil-leagan a fhoirmítear gach ceann de na tírghnéithe a ainmnítear sa tábla thíos.

| **C.3(i) Litir** | **Tírghné** | **C.3(ii)**<br>**Creimeadh / Sil-leagan / An dá cheann** |
|---|---|---|
| **D** | V-ghleann | |
| | Lúb | **Creimeadh agus sil-leagan** |
| | Eas | **Creimeadh** |
| | Deilte | |

**[10m]**

4. **Teicteonaic Phlátaí**




Scrúdaigh an léarscáil thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an bpláta ainmnithe is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Pláta | Litir |
|---|---|
| Pláta na hAfraice | |
| Pláta Mheiriceá Thuaidh | |
| Pláta Nazca | |
| Pláta na hEoráise | |

(ii) Ainmnigh an t-oileán bolcánach atá suite ag **E**.

________________________________________________

**[10m]**

**5. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén limistéar de léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis ina bhfuil Bearnán Éile (*Devilsbit Mountain*) agus Cnoc na Coille Duibhe (*Kilduff Mountain*) suite?
Cuir tic sa bhosca ceart.

An limistéar thiar thuaidh ☐

An limistéar thoir thuaidh ☐

(ii) Cén fad atá i mbóthar R 501 ón áit a dtagann sé isteach sa léarscáil ag S 044 680 go dtí an áit a mbuaileann sé le bóthar N62 ag S 106 714?
Cuir tic sa bhosca ceart.

6.6 cilliméadar ☐

7.0 cilliméadar ☐

**[10m]**

**6. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh an ghné atá le fáil ag gach ceann de na tagairtí eangaí seo a leanas:

S 108 707 ______________________________

S 050 728 ______________________________

S 120 707 ______________________________

(ii) Cad dó a seasann an litir R i gcás na mbóithre R501 agus R433?

______________________________________________________

(iii) Sa bhosca thíos, tarraing siombail léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis do Chuaille Triantánachta.

☐

**[10m]**

**7. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Teampall Mór a ghabhann leis an bpáipéar seo.
Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach cás chun a chur in iúl cé acu atá gach ceann de na ráitis a leanas Fíor nó Bréagach.

(i) Tá timpeallán i lár an tulra san aerfótagraf.

Fíor Bréagach

(ii) Tá loch sa lár ar chlé san aerfótagraf.

Fíor Bréagach

(iii) Tá raon reatha sa tulra ar dheis san aerfótagraf.

Fíor Bréagach

(iv) Tá reilig sa tulra ar chlé san aerfótagraf.

Fíor Bréagach

(v) Is sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach í an talmhaíocht atá le feiceáil i lár an chúlra san aerfótagraf.

Fíor Bréagach

**[10m]**

**8. Réigiúin**

Scríobh an litir cheart sa tábla thíos chun an **cur síos ar réigiún** a mheaitseáil leis an **sampla de réigiún** is fearr a mheaitseálann é.

| Litir | Cur síos ar Réigiún |
|---|---|
| **A** | Limistéar uirbeach. |
| **B** | Réigiún sainmhínithe ag reiligiún. |
| **C** | Réigiún geomoirfeolaíoch. |
| **D** | Réigiún forimeallach. |
| **E** | Réigiún aeráide. |

| Sampla de Réigiún | Litir |
|---|---|
| An Domhan Ioslamach | |
| Fionnuar Measartha Aigéanach | |
| Luimneach | |
| An Teorainn, Lár na Tíre, agus an tIarthar (BMW i mBéarla) | |
| Sléibhte Chill Mhantáin | |

**[10m]**

**9. An tAontas Eorpach**

Baill an Aontais Eorpaigh agus an Bhliain a Ghlac siad Ballraíocht ann

| Bliain | Tíortha | | |
|---|---|---|---|
| 1957 | An Bheilg<br>An Fhrainc | An Ghearmáin<br>An Iodáil | Lucsamburg<br>An Ísiltír |
| 1973 | An Danmhairg | Éire | An Ríocht Aontaithe |
| 1981 | An Ghréig | | |
| 1986 | An Phortaingéil | An Spáinn | |
| 1995 | An Ostair | An Fhionlainn | An tSualainn |
| 2004 | An Chipir<br>An Ungáir<br>Málta<br>An tSlóivéin | Poblacht na Seice<br>An Laitvia<br>An Pholainn | An Eastóin<br>An Liotuáin<br>An tSlóvaic |
| 2007 | An Bhulgáir | An Rómáin | |
| 2013 | An Chróit | | |

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann an bhliain a ghlac gach ceann de na tíortha thuas ballraíocht san Aontas Eorpach agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén bhliain a ghlac an Rómáin agus an Bhulgáir ballraíocht san Aontas Eorpach?

______________________________________________________________________

(ii) Cé mhéad tír a ghlac ballraíocht san Aontas Eorpach in 2004?

______________________________________________________________________

(iii) Cén tír is deireanaí a ghlac ballraíocht san Aontas Eorpach?

______________________________________________________________________

(iv) Maidir leis na tíortha a ghlac ballraíocht san Aontas Eorpach sna 1980idí, an bhfuil siad suite i dTuaisceart na hEorpa nó i nDeisceart na hEorpa?


______________________________________________________________________

(v) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach.

______________________________________________________________________

**[10m]**

## 10. Staitisticí Aimsire




Scrúdaigh an ghrafaic aimsire thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus tagairt á déanamh agat do na sonraí atá sa ghrafaic.

(i) Cad í an teocht (°C) is ísle a taifeadadh ar an 17 Eanáir?

________________________________________

(ii) Cén luas gaoithe (km/uair) a bhí ann ag meán oíche (00:00 uair)?

________________________________________

(iii) Cé mhéad uair an chloig báistí a bhí ann idir meán oíche agus 10 a chlog?

________________________________________

(iv) Cad í an teocht (°C) is airde a taifeadadh ar an 17 Eanáir?


________________________________________

(v) Cen t-ainm atá ar an uirlis aimsire a úsáidtear chun teocht a thomhas?

________________________________________

**[10m]**

**11.** **Cúrsaí Cumarsáide in Éirinn**




Scrúdaigh an chairt thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén bhliain ina raibh rochtain idirlín ag 87% de theaghlaigh Éireannacha?

___________________________________________

(ii) Cén t-athrú a tháinig ar an gcéatadán de theaghlaigh Éireannacha a raibh rochtain idirlín acu idir 2011 agus 2016?

___________________________________________

(iii) Le linn cén **dá** bhliain nár tháinig aon athrú ar chéatadán na dteaghlach Éireannach a raibh rochtain idirlín acu?

___________________________________________

(iv) De réir na cairte, cén treocht a bhí ann maidir le rochtain idirlín idir 2010 agus 2017?
Cuir tic sa bhosca ceart.


| | |
|---|---|
| Méadú | |
| Laghdú | |

(v) Cén céatadán de theaghlaigh Éireannacha nach raibh rochtain idirlín ar bith acu in 2017?

___________________________________________

**[10m]**

## 12. Léirmhíniú Satailíte




Curtha in oiriúint ó www.nationalgeographic.org

Scrúdaigh na híomhánna satailíte thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na híomhánna **A**, **B**, **C** agus **D** leis an gcur síos is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Cur síos | Litir |
|---|---|
| Dumhcha, Gaineamhlach an tSahára | |
| Bolcán Miyakejima, An tSeapáin | |
| Loch Cráitéir, Stáit Aontaithe Mheiriceá | |
| Lúbloch ar Abhainn an Mississippi | |

(ii) Cén **dá** thírghné, atá ainmnithe sa tábla thuas, a fhoirmítear de thoradh ar ghníomhaíocht bholcánach?

1. ____________________________________________

2. ____________________________________________

**[10m]**

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3 **(100 marc)**

    **AGUS**

  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6 **(100 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid (100 marc)**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

## Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach (Ceist 1 go 3)**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach (Ceist 4 go 6)**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**.

## Ceist 1

### 1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An pointe is **airde** ar Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis
- Loch an Teampaill Mhóir (*Templemore Lake*)
- Abhainn na Siúire (*River Suir*) ó S 132 728 go dtí go bhfágann sí an léarscáil ag S 119 680
- Limistéar d'fhoraois bhuaircíneach in oirdheisceart na léarscáile
- Limistéar de choillearnach dhuillshilteach taobh ó dheas den Teampall Mór.

**[30m]**

### 1B. Forbairt Tírghnéithe

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Mínigh, le cuidiú léaráidí, foirmiú **dhá** thírghné ar bith.

**Nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**[40m]**

### 1C. Idirghníomhú an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Tabhair cur síos agus míniú ar conas a idirghníomhaíonn an duine le timthriall na gcarraigeacha agus bíodh tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

**[30m]**

## Ceist 2

### 2A. Creathanna Talún



Tarlaíonn 80% de chreathanna talún an phláinéid ar feadh imeall an Aigéin Chiúin, limistéar ar a dtugtar "Fáinne na Tine". Tarlaíonn tromlach na gcreathanna talún ag éasc-chriosanna, áit a mbuaileann plátaí teicteonacha in éadan a chéile nó áit a sleamhnaíonn siad in éadan a chéile.
De ghnáth buaileann na plátaí le chéile go réidh agus i ngan fhios d'éinne ar an dromchla; mar sin féin, is féidir go n-éireodh brú millteanach idir plátaí. Nuair a scaoiltear an brú seo go tapa, seoltar tonnchreathanna ollmhóra, ar a dtugtar tonnta seismeacha, amach ó fhócas an chreatha talún.
Úsáideann eolaithe scála, ar a dtugtar Scála Richter, chun grádú a dhéanamh ar chreathanna talún de réir méide bunaithe ar neart agus ar ré a dtonnta seismeacha. Meastar gur crith talún beag nó éadrom é ceann a thomhaiseann ó 3 go 5; gur ceann atá measartha go láidir é crith talún a thomhaiseann ó 5 go 7; gur ceann mór é crith talún a thomhaiseann ó 7 go 8; agus gur ceann millteanach mór é crith talún thomhaiseann 8 nó níos mó.

Curtha in oiriúint ó www.nationalgeographic.com

Scrúdaigh an t-eolas thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén t-ainm a thugtar ar an limistéar ina dtarlaíonn 80% de na creathanna talún?
(ii) Ainmnigh an scála a úsáidtear chun grádú de réir méide a dhéanamh ar chreathanna talún.
(iii) Cén raon méide a mheastar a bheith measartha go láidir i gcás crith talún?
(iv) Mínigh go hachomair cad is brí le *héasc-chrios*.
(v) Liostaigh **trí** iarmhairt a bhíonn ar chrith talún.
(vi) Mínigh go hachomair slí **amháin** a bhféadfaí srian a chur ar an damáiste a d'fhéadfadh crith talún a dhéanamh.

**[30m]**

### 2B. Idirghníomhú an Duine le Próisis Dromchla

Scrúdaigh an tslí a n-idirghníomhaíonn daoine le ceann **amháin** de na próisis dromchla a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis chósta
- Próisis ollghluaiseachta.

**[30m]**

### 2C. Carraigeacha

(i) Ainmnigh **dhá** shampla de charraigeacha dríodair.

(ii) Luaigh **dhá** úsáid atá ag carraigeacha dríodair.

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a bhfoirmítear carraigeacha dríodair.

**[40m]**

## Ceist 3

### 3A. Tírghnéithe agus Próisis










Curtha in oiriúint ó www.geomythology.wordpress.com; www.fromthegrapewine.com; www.irishcentral.com

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** atá ar na fótagraif thuas, leis an tírghné is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

- Trá
- U-ghleann
- Galláin bhasailt.

(ii) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** atá ar na fótagraif thuas leis an bpróiseas as an liosta thíos is mó a luaitear le foirmiú na tírghné san fhótagraf:

- Fuarú laibhe
- Síobadh feadh cladaigh
- Sracadh.

(iii) Mínigh go hachomair **gach ceann** díobh seo a leanas:

- Síobadh feadh cladaigh
- Sracadh.

**[30m]**

### 3B. Síonchaitheamh

(i) Ainmnigh **dhá** thoisc ar bith a mbíonn tionchar acu ar shíonchaitheamh.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** cheann ar bith de na cineálacha síonchaithimh a leanas:

- Síonchaitheamh oinniúnach
- Carbónáitiú
- Gníomhaíocht reo is coscartha.

**[40m]**

### 3C. Teorainneacha Plátaí

Tabhair cur síos agus míniú ar cad a tharlaíonn ag teorainneacha plátaí tógálacha (ag scaradh ó chéile) **agus** ag teorainneacha plátaí scriosacha (ag bualadh le chéile).

**[30m]**

## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**.

## Ceist 4

### 4A. Réigiún Eorpach

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún seo
- **Dhá** bhaile ainmnithe **nó dhá** chathair ainmnithe sa réigiún seo
- Limistéar rilífe ainmnithe **amháin** (talamh ard nó talamh íseal) sa réigiún seo.

**[30m]**

### 4B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha Treasacha – Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach

(i) Ainmnigh **dhá** chineál iompair i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar thábhacht an iompair sa réigiún seo.

(iii) Tabhair ainmneacha **dhá** rud shonracha ar díol suime iad do thurasóirí i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(iv) Tabhair cur síos agus míniú ar na cúiseanna go dtarraingtítear turasóirí go dtí an réigiún seo.

**[40m]**

### 4C. Réigiúin agus Cultúr

Is minic a mhúnlaíonn na tosca seo a leanas an cultúr i réigiún:


- Reiligiún
- Teanga
- Polaitíocht
- Ceol/Damhsa
- Spórt/Cluichí.

Tabhair cur síos agus míniú ar thábhacht **trí** cinn ar bith de na tosca sin i gcultúr aon réigiúin ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 5

### 5A. Iompar




Scrúdaigh an t-eolas thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén céatadán daoine a thaistil ar bhus in 2010?

(ii) Cén laghdú a tháinig ar an gcéatadán daoine a thaistil ar thraein idir 2004 agus 2016?

(iii) Cén cineál iompair is mó a raibh tóir air in 2004?

(iv) Cén **dá** chineál iompair a raibh an treocht chéanna san úsáid a baineadh astu ó 2004 go 2016?

(v) Mínigh go hachomair fadhb chomhshaoil **amháin** a bhaineann le méadú a bheith ag teacht ar líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal i gcarr.

(vi) Mínigh go hachomair bealach **amháin** le líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal i gcarr a laghdú.

**[30m]**

### 5B. Réigiúin Uirbeacha

Tabhair cur síos agus míniú ar fhás réigiúin uirbigh **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

### 5C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach i Réigiún Eorpach.

Freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas agus tagairt agat do réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach sa réigiún sin.

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún sin maidir leis an ngníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach sin a fhorbairt.

(iii) Déan cur síos ar dhúshlán **amháin** atá ann don ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach sin sa réigiún sin.

**[40m]**


## Ceist 6

### 6A. An tAontas Eorpach – Turasóireacht

Turais a rinne Cónaitheoirí an Aontais Eorpaigh (AE) taobh istigh agus taobh amuigh dá dtír féin in 2016

| | Taobh istigh dá dtír féin | Taobh amuigh dá dtír féin |
|---|---|---|
| **Líon Turas** | 898 milliún | 308 milliún |
| **% d'iomlán na dturas** | 74% | 26% |
| **Caiteachas** | €193 billiún | €235 billiún |
| **% de Chaiteachas Iomlán** | 45% | 55% |

Na 5 Áit is mó toir mar Cheann Scríbe do Chónaitheoirí AE, in 2016




Amended from Eurostat

Scrúdaigh an t-eolas thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cé mhéad milliún turas a rinne cónaitheoirí AE go dtí áit taobh amuigh dá dtír féin in 2016 **agus** cén céatadán d'iomlán na dturas a bhí sa mhéid sin?

(ii) Cad í an tsuim iomlán (€ billiún) a chaith cónaitheoirí AE ar na turais go léir a rinne siad (taobh istigh agus taobh amuigh dá dtír féin) in 2016?

(iii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a d'fhéadfadh a mhíniú cén fáth gur chaith cónaitheoirí AE níos mó airgid ar thurais taobh amuigh dá dtír féin (55%) le hais mar a chaith siad taobh istigh dá dtír féin (45%) in 2016.

(iv) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a d'fhéadfadh a mhíniú cén fáth gur thug níos mó cónaitheoirí AE cuairt ar an Spáinn ná ar áit ar bith eile.

(v) Cérbh í an **tríú** háit is fearr le cónaitheoirí AE chun cuairt a thabhairt uirthi in 2016?

(vi) Ainmnigh tír **amháin** sa gcatagóir 'Eile' go mb'fhéidir gur thug cónaitheoirí AE cuairt uirthi **agus** ainmnigh rud **amháin** ar díol suime turasóireachta é sa tír sin.

**[30m]**

### 6B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha Príomhúla – Réigiún in Éirinn

Freagair gach ceann díobh seo a leanas agus tagairt agat do réigiún **in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil **amháin** a chuireann le geilleagar an réigiúin sin.

(ii) Mínigh conas a théann **dhá** cheann de na tosca atá liostaithe thíos i bhfeidhm ar fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí príomhúla atá ainmnithe agat i bpáirt (i) thuas:

Aeráid     Rilíf agus Ithreacha     Margaí

**[40m]**

### 6C. Fadhbanna Réigiúnacha

Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** fhadhb atá ag réigiún ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

### 7A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Teampall Mór a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An phríomhshráid sa bhaile
- Carrchlós
- Páirc agus ainmhithe inti, sa lár ar dheis
- Foirgneamh tionsclaíoch sa tulra ar chlé
- Limistéar le haghaidh caitheamh aimsire sa chúlra ar chlé.

**[30m]**

### 7B. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha

Tabhair cur síos agus míniú ar fhorbairt **ceann amháin** de na gníomhaíochtaí geilleagracha seo a leanas agus tagairt á déanamh agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Turasóireacht
- Seirbhísí Airgeadais
- Tionscail seirbhíse agus tionscail gan chuing.

**[30m]**

### 7C. Gníomhaíocht Gheilleagrach – Truailliú an Chomhshaoil

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thruailliú an chomhshaoil de thoradh ar ghníomhaíocht gheilleagrach.


(ii) Mínigh cúiseanna **agus** iarmhairtí an truaillithe comhshaoil sin.

(iii) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí an truailliú comhshaoil sin a laghdú.

**[40m]**

## Ceist 8

### 8A. Fostaíocht in Éirinn




**Torthaí Deireadh Bliana, 2017**

IDA Ireland

Tá ÚFT(IDA i mBéarla) Éireann, an ghníomhaíocht de chuid Rialtais Éireann atá freagrach as infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh go hÉirinn, tar éis a fhógairt go bhfuil leibhéal na fostaíochta i gcuideachtaí atá faoi úinéireacht choigríche tar éis an figiúr 210,443 a bhaint amach. Sáraíonn an figiúr sin an sprioc foriomlán cúig bliana a leagadh síos sa bhliain 2015, is é sin 209,000, sa Straitéis um *Infheistíocht Dhíreach Choigríche, 2015 – 2019 de chuid ÚFT Éireann.*

Curtha in oiriúint ó www.idaireland.com

Scrúdaigh an t-eolas thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cé mhéad duine a bhí fostaithe i gcuideachtaí faoi úinéireacht choigríche i réigiún an Oirdheiscirt?

(ii) Cén réigiún ina raibh an **dara** líon is mó daoine fostaithe i gcuideachtaí faoi úinéireacht choigríche?

(iii) Ríomh líon na ndaoine a bhí fostaithe i gcuideachtaí faoi úinéireacht choigríche sna réigiúin 'An Teorainn, Lár na Tíre agus an tIarthar' suimithe le chéile.

(iv) Cad dó a seasann na litreacha ÚFT (IDA i mBéarla)?

(v) Luaigh freagracht **amháin** atá ar ÚFT Éireann agus a bhfuil tagairt di sa sliocht thuas.

(vi) Mínigh go hachomair **dhá** chúis a raibh an líon is mó daoine fostaithe i gcuideachtaí faoi úinéireacht choigríche sna réigiúin Baile Átha Cliath agus an tOirthear Láir.

**[30m]**

**8B. Gníomhaíocht Gheilleagrach**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh **dhá** mhodh dhifriúla iompair atá le feiceáil ar an léarscáil.
(ii) Ainmnigh **dhá** ghníomhaíocht gheilleagracha dhifriúla (seachas iompar) atá le feiceáil ar an léarscáil.
(iii) Agus tagairt á déanamh agat do cheann **amháin** de na gníomhaíochtaí geilleagracha a d'ainmnigh tú i bpáirt (ii), mínigh conas a théann an gréasán iompair sa limistéar sin chun tairbhe don ghníomhaíocht gheilleagrach sin.
(iv) Tabhair cur síos agus míniú ar fhadhbanna ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn de thoradh ar an ngréasán iompair atá ar an léarscáil.

**[40m]**

**8C. Beartas an Aontais Eorpaigh**

Roghnaigh **ceann ar bith** de bheartais an Aontais Eorpaigh atá liostaithe thíos agus tabhair cur síos agus míniú ar conas a chuaigh an beartas sin i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann.

- Na Cistí Forbartha Réigiúnaí
- An Comhbheartas Iascaigh
- An Comhbheartas Talmhaíochta
- Na Cistí Sóisialta.

**[30m]**

## Ceist 9

### 9A. Trádáil san Aontas Eorpach

Luach Easpórtálacha Talmhaíochta ón Aontas Eorpach (AE) go dtí
an Chuid Eile den Domhan in 2017

| Catagóir na dTáirgí Talmhaíochta | € Billiún |
|---|---|
| Tráchtearraí/Táirgí Príomhúla Eile | 48 |
| Táirgí Próiseáilte | 27 |
| Táirgí Ullmhúcháin Bia | 30 |
| Deochanna | 18 |
| Táirgí Do-ite | 15 |

Curtha in oiriúint ó www.ec.europa.eu

Scrúdaigh an tábla a thaispeánann luach easpórtálacha talmhaíochta ón Aontas Eorpach go dtí an chuid eile den domhan in 2017 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, ainmnigh **dhá** tháirge thalmhaíochta shonracha a easpórtáiltear ón Aontas Eorpach go dtí an chuid eile den domhan.

**[30m]**

### 9B. Cuideachta Ilnáisiúnta

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi **agus** luaigh cén áit in Éirinn a bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta sin lonnaithe.

(ii) Ainmnigh amhábhar **amháin** a úsáideann an chuideachta ilnáisiúnta sin **agus** ainmnigh táirge **amháin** a dhéanann an chuideachta ilnáisiúnta sin.

(iii) Mínigh na buntáistí a bhaineann le bheith lonnaithe in Éirinn don chuideachta ilnáisiúnta sin.

(iv) Mínigh deacracht **amháin** a bheidh roimh an gcuideachta ilnáisiúnta sin sa todhchaí.

**[40m]**

### 9C. Coilíneachas

(i) Ainmnigh geilleagar **amháin** i mbéal forbartha a ndearnadh coilíniú air **agus** ainmnigh an tír a rinne an coilíniú air.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na hiarmhairtí a bhí ag an gcoilíneachas ar an ngeilleagar i mbéal forbartha sin.

**[30m]**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**10A. Lonnaíocht Uirbeach**

An Céatadán de Dhaonra an Domhain a bhí ag cur fúthu i Lonnaíochtaí Uirbeacha in 2016

| Méid na Lonnaíochta Uirbí (an líon daoine) | % de Dhaonra an Domhain |
|---|---|
| **A** 10 milliún nó níos mó | 7 |
| **B** 5 go 10 milliún | 4 |
| **C** 1 go 5 mhilliún | 12 |
| **D** 0.5 milliún go 1 mhilliún | 5 |
| **E** Níos lú ná 0.5 milliún | 27 |

Curtha in oiriúint ó www.un.org

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann an céatadán de dhaonra an domhain a bhí ag cur fúthu i lonnaíochtaí uirbeacha in 2016 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, ríomh an céatadán iomlán de dhaonra an domhain a bhí ag cur fúthu i lonnaíochtaí uirbeacha in 2016.

**[30m]**

**10B. Plódú Tráchta**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de limistéar uirbeach ina mbíonn fadhb le plódú tráchta.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na bearta a d’fhéadfaí a dhéanamh i limistéir uirbeacha d’fhonn fadhb an phlódaithe tráchta a réiteach.

**[30m]**

**10C. Imirce**

(i) Mínigh go hachomair cad is brí le gach ceann de na téarmaí a leanas:

- Réigiún bronntach i gcomhthéacs na himirce
- Réigiún glactha i gcomhthéacs na himirce.

(ii) Pléigh na tionchair dhearfacha agus na tionchair dhiúltacha **araon** a bhaineann leis an imirce.

**[40m]**

## Ceist 11

### 11A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Teampall Mór a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeán** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Foirgneamh trí stór sa tulra ar dheis
- An Lár-Cheantar Gnó (CBD)
- Séipéal
- Limistéar de thithíochta leath-scoite sa chúlra ar chlé
- Limistéar le haghaidh caitheamh aimsire.

**[30m]**

### 11B. Cathair sa Domhan i mBéal Forbartha

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha atá ag fás go tapa.

(ii) Luaigh **trí** thoisc a mbíonn tionchar acu ar fhás na cathrach sin atá sa domhan i mbéal forbartha.

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar **thrí** fhadhb ar bith a bhaineann le fás tapa na cathrach sin atá sa domhan i mbéal forbartha.

**[40m]**

### 11C. Athrú Daonra

Tá saintréithe dhaonra na hÉireann athraithe le himeacht aimsire mar gheall ar a lán tosca.

Mínigh conas a d'imir **trí** cinn ar bith de na tosca a leanas tionchar ar shaintréithe dhaonra na hÉireann:

- Teicneolaíocht an leighis
- Cultúr agus sochaí
- Leibhéil ioncaim
- Acmhainní.

**[30m]**

## Ceist 12

### 12A. Eisimirce - Éire

Eisimircigh Éireannacha de réir Limistéar Ceann Scríbe

| | 2008 | 2013 | 2017 |
|---|---|---|---|
| **An Ríocht Aontaithe (RA)** | 7,600 | 20,000 | 12,100 |
| **An tAontas Eorpach (AE) (seachas An RA)** | 17,900 | 23,500 | 22,600 |
| **Stáit Aontaithe Mheiriceá** | 2,400 | 14,100 | 5,300 |
| **An Astráil** | 10,400 | 5,700 | 6,500 |
| **Iomlán** | 38,300 | 63,300 | 46,500 |

Curtha in oiriúint ó POS

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén líon daoine Éireannacha a chuaigh ar imirce go dtí an Ríocht Aontaithe in 2017?

(ii) Cad é an limistéar ceann scríbe inar tháinig laghdú ar an líon eisimirceach as Éirinn idir 2008 agus 2013?

(iii) Ríomh líon iomlán na n-eisimirceach Éireannach a chuaigh go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá sna trí bliana 2008, 2013 agus 2017 suimithe le chéile.

(iv) Go dtí cén tír a chuaigh an líon is lú daoine ar eisimirce in 2013.

(v) Cén tír a chuaigh an líon is lú daoine ar eisimirce in 2017?

(vi) Mínigh go hachomair cúis **amháin** ar tharla an líon iomlán eisimirceach Éireannach is airde in 2013.

(vii) Mínigh go hachomair iarmhairt dhearfach **amháin** atá ag an eisimirce ar Éirinn.

**[30m]**

### 12B. Talamhúsáid Uirbeach

(i) Ainmnigh limistéar uirbeach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Ainmnigh **dhá** thalamhúsáid sa limistéar uirbeach sin.

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar conas a d'athraigh na talamhúsáidí uirbeacha seo le himeacht aimsire.

**[30m]**

### 12C. Gréasáin Lonnaíochta Tuaithe

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh **trí** ghréasán lonnaíochta tuaithe **dhifriúla** atá le feiceáil ar an léarscáil **agus** tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr do shuíomh ina bhfuil sampla de gach ceann acu.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar gach ceann de na **trí** ghréasán lonnaíochta tuaithe a d'ainmnigh tú i bpáirt (i) thuas.

**[40m]**

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019 – Gnáthleibhéal

# Tíreolaíocht

Dé hAoine 7 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:20